- Leanacht ag cur chun cinn tuiscint ar an rialtas áitiúil i measc na n-óg i Sligeach mar chuid de chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Páistí
- Clár traenála agus eolais a chur i bhfeidhm maidir le polasaithe a fhorbairt agus a chur i gcrích do bhaill, don fhoireann agus baill seachtracha ar choistí bainteacha
- Straitéis Teicneolaíochta Cumarsáide agus Eolais a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear an t-eolas cuí ar fáil don méid daoine agus is féidir i leith obair na n-údarás áitiúil
- Aighneachtaí a chur ar fáil go rialta mar bhunús eolais d’obair na n-áisiúneachtaí seachtracha



Measúnú:

- Sástacht na gcustaiméirí/saoránach linn
- An líon pointí teagmhála poiblí, a gcaighdeán agus a rochtaineacht, le heolas a bhaineann le húdaráis áitiúla a sholáthar, teagmháil leictreonach san áireamh
- An céadchodán a vótáileann i dtoghcháin
- An líon tionscnamh nua atá dírithe ar an aos óg le go dtuigfeadh siad go díreach cén ról agus cuspóir a bhaineann leis an rialtas áitiúil
- An leibhéal rannpháirtíochta i gComharile na nÓg agus fiontair eile don óige
- An leibhéal traenála a chuirtear ar fáil

2

Príomhghníomhaíochtaí – Próiseas d’Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Forbairt ar Shligeach

Tá ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla i gcur chun cinn forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Ar na gníomhaíochtaí teagmhasacha tá pleanáil agus cur i bhfeidhm seirbhísí agus fiontair a mbaineann tairbhe leo do shaol na ndaoine a oibríonn, a chónaíonn agus a thagann ar cuairt chuig an cheantar.

Cuspóirí:

- Forbairt ar Shligeach mar Chathair Gheata a chur chun cinn
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt na mbailte agus na sráidbhailte ar fud Shligigh
- A chinntiú go dtarlaíonn an fhorbairt ar bhealach a mbaineann struchtúr agus ord leis
- Fuinneamh na bpobal ar fud Shligigh a chaomhnú ar bhealaigh a thagann leis an slí mhaireachtála sna lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha agus a neartaíonn féiniúlacht Shligigh
- Leanacht ag tacú le forbairt agus le feidhmiú Chalafort Shligigh

Straitéisí:

- Rochtain ar Shligeach a fheabhsú
- Oibriú le heagraíochtaí poiblí eile agus leis an earnáil phríobháideach le hinfheistíocht a mhealladh isteach agus forbairt agus méadú eacnamaíoch áitiúil a spreagadh
- A chinntiú go bhfuil go leor talún le seirbhísí ann le hinfheistíocht a mhealladh isteach agus forbairt agus méadú eacnamaíoch áitiúil a spreagadh
- An Plean Forbartha Contae agus an Plean Forbartha do Shligeach agus Máguaird a chur ag obair agus a chur i bhfeidhm
- An straitéis d’athnuachain na mbailte agus na sráidbhailte a chur ar aghaidh trí fhorbairt Pleananna Cuimsithe Ceantar i gcomhairle leis na pobail áitiúla
- Siopa Aon Stop a fhorbairt mar dhea-shampla do bhainistiú ceantair ag úsáid Tobar an Choire mar cheantar píolóiteach

Measúnú:

- Méadú ar chéadchodán an daonra
- Leibhéal méadaithe ar Chathair Shligigh
- Leibhéal forbartha tionsclaíoch, tráchtála agus miondíola
- Leibhéal athnuachana ar bhailte agus sráidbhailte
- Leibhéal fostaíochta in earnálacha éagsúla
- An líon seirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an Siopa Aon Stop i dTobar an Choire



“Tá ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla i gcur chun cinn forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.”

3

Príomhghníomhaíochtaí – Próisias d'Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Ag áisiú Cuimsitheacht Shóisialta agus Forbairt Phobail

“Is é an cuspóir bunaidh a bhaineann le Forbairt Phobail ná feabhas a chur ar chaighdeán saoil na bpobal trí bhaill a spreagadh chun rannpháirtíochta agus iad sa tóir ar chúinsí soch-eacnamúla feabhsaithe.”

18



Is é an cuspóir bunaidh a bhaineann le Forbairt Phobail ná feabhas a chur ar chaighdeán saoil na bpobal trí bhaill a spreagadh chun rannpháirtíochta agus iad sa tóir ar chúinsí soch-eacnamúla feabhsaithe. Aithníonn an coincheap forbartha seo ní hamháin spriocanna eacnamúla a bhaint amach ach glacann sé san áireamh freisin próisias iltaobhach comhtháite a bhaineann le cuspóirí cuimsithe sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus eacnamúla.

Cuspóirí:

- Straitéisí cuimsitheacht shóisialta a fhorbairt a chintíonn go mbeadh deis ag an uile dhuine a bheith páirteach
- An Straitéis Forbartha Contae a bheith fite fuaite tríd gach polasaí, gníomhaíocht agus straitéis de chuid na n-údarás áitiúil
- Fócas cuimsitheacht shóisialta a choimeád i ngach gníomhaíocht
- Straitéisí in aghaidh na Bhochtaineachta a bheith fite fuaite i bpolasaithe agus i ngníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil
- A chinntiú go leanann gníomhaíochtaí polasaí de bheith bainteach
- Deiseanna comhionannais a chur chun cinn agus oibriú ar mhaithe le contae cuimsithe agus iniatach a chruthú
- Dul i gcomhairle le daoine aonair, le grúpaí agus pobail ar chúrsaí a bhaineann leo agus tacú lena rannpháirtíocht i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm gníomhaíochtaí agus straitéisí aontaithe
- Ról na n-údarás áitiúil a aithint agus tacú leo maidir le tionchar dearfach a bheith acu ar an leibhéal eisiacht shóisialta, bochtanas agus míbhuntáiste a bhaineann le daoine i bpobail i Sligeach
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt infrastruchtúr pobail i Sligeach
- Feabhas a chur ar chaighdeán saoil na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn i Sligeach
- Pleanáil chun cinn i dtaca le forbairt Chultúrtha, Chomhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta i Sligeach
- Forbairt a dhéanamh ar an bhfeidhm forbartha pobail taobh istigh de na húdarás áitiúla
- Téamaí sóisialta agus cultúrtha a ghlacadh san áireamh taobh istigh d'fhorbairt infrastruchtúrtha

Straitéisí

- Ceisteanna polasaí a fháil ó ghníomhaíocht fhorbartha áitiúil
- Freagracht roinnte a chur chun cinn agus tacú leis ar mhaithe le feabhsú leanúnach ár bpobal
- Obair dheonach agus rannpháirtíocht a spreagadh agus tacú leis
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar chur chuige na páirtnéireachta i bhfeabhsú agus leathnú ár bpobal
- Leanacht ag forbairt agus leanacht ar aghaidh leis na tacaíochtaí atá ann do phobail atá faoi mhíbhuntáiste
- Oibriú le grúpaí agus pobail faoi mhíbhuntáiste agus le páirtithe bainteacha eile chun breis acmhainní a aithint agus a fháil ó fhoinsí náisiúnta, AE agus príobháideacha chun freastal ar riachtanaisí aitheanta (RAPID & Clár)

- Straitéis chuimsitheacht shóisialta a fhorbairt d'údaráis áitiúla le spriocanna agus measúnaithe réadúla
- Leanacht de bheith páirteach i bhforbairt infrastruchtúr an Leathanbhanda
- Pleanáil do riachtanaisí forbartha Shligigh don todhchaí trí thaighde agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí le freastal ar na riachtanaisí measta
- Tacú le cur i bhfeidhm straitéis BFC
- Cairt forbartha pobail a fhorbairt
- Forógra Bharcelona a chur i bhfeidhm
- Forbairt fhisiciúil a phromhadh ar mhaithe le riachtanaisí sóisialta agus cultúrtha

Measúnú:

- Líon na saoránach i Sligeach a gcuireann an bhochtaineacht isteach orthu
- Líon na bhfiontar forbartha pobail ar tugadh tacaíocht dóibh
- Líon sráidbhailte/grúpaí ag glacadh páirt sna Bailte Slachtmhara / Mórtas Ceantair

4

Príomhghníomhaíochtaí – Próiséas d'Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Ag soláthar do Riachtanaisí Tithíochta agus Cóiríochta

Áirítear leis seo ról i leith áisiú agus cur chun cinn agus é dírithe ar rochtain na tithíochta a bhrostmú. Tá ról láidir cumais anois ag údaráis áitiúla Shligigh le leibhéil níos airde tógála a spreagadh i measc eagraíochtaí tithíochta deonacha agus comharchumainn.

Cuspóirí:

- Soláthar do riachtanaisí tithíochta faoi láthair agus sa todhchaí
- Seirbhís phleanála agus fhorbartha a chur ar fáil a thacaíonn le forbairt chuí

Straitéisí:

- An Straitéis Thithíochta a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú de réir mar is gá
- An cumas is mó is féidir a chomhlíonadh faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000
- Leanacht de bheith ag tacú le forbairt ar an earnáil thithíochta dheonach
- Na roghanna tithíochta éagsúla atá ar fáil a chur ar a súile dóibhsean ar mian leo cónaí i Sligeach
- Tithe a thógáil agus a cheannach
- Clár cothabhála agus athchóirithe beartaithe a chur i bhfeidhm sa stoc tithíochta atá againn i Sligeach faoi láithir

Measúnú:

- Líon aonad tithíochta curtha ar fáil faoi Chuid V
- Líon aonad tithíochta curtha ar fáil ag an údarás áitiúil agus ag an earnáil dheonach
- Leibhéal comhlíonta sa Straitéis Thithíochta
- Leibhéal comhlíonta sa Chlár Cothabhála agus Athchóirithe



“Tá ról láidir cumais anois ag údaráis áitiúla Shligigh le leibhéil níos airde tógála a spreagadh i measc eagraíochtaí tithíochta deonacha agus comharchumainn.”

5

Príomhghníomhaíochtaí – Próiséas d’Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

An t-infrastruchtúr is gá a fhorbairt agus a chothabháil

Is príomhghníomhaíocht taobh istigh de cheantar gach údarás áitiúil é an t-infrastruchtúr is gá a sholáthar agus a chothabháil. Áirítear leis seo go gcuirfí ar fáil bóithre, seirbhísí uisce agus fuíolluisce.

Cuspóirí:

- Oibreacha feabhsaithe a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh i dtaca le bail bhreise a chur ar infrastruchtúr iompair Shligigh
- Na deiseanna maoinithe is fearr is féidir a fháil leis an infrastruchtúr is gá a chur i gcrích i Sligeach

Straitéisí:

- Pleananna a bheith réamhullmhaithe don infrastruchtúr lena chinntiú go bhfuil údaráis áitiúla Shligigh sa suíomh is gur féidir leo dul ar aghaidh le forbairtí a luaithe a bhíonn an maoiniú ar fáil
- Oibriú i bpáirtnéireacht leis an earnáil phríobháideach le hinfrastruchtúr a chur ar fáil
- Feabhsúcháin san infrastruchtúr áitiúil a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh
- Leas a bhaint as an Scéim Síntús Forbartha agus Síntúis Speisialta leis an infrastruchtúr is gá a chur ar fáil
- Dul i mbun oibreacha ar bhealach atá beartaithe agus de réir cláir oibre, le go mbeadh feabhsú, cothabháil, athshuímh agus athnuachan á dhéanamh ar an infrastruchtúr

Measúnú:

- An céadchodán den infheistíocht curtha ar fáil d’infrastruchtúr nua bóithre
- Líon áiseanna nua uisce agus fuíolluisce curtha ar fáil
- Leibhéal rochtana don Leathanbhanda

6

Príomhghníomhaíochtaí – Próiséas d’Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Ag cosaint agus ag feabhsú an chomhshaoil

Toisc go bhfuil cúram uathúil ar an rialtas áitiúil i leith an chomhshaoil is tosaíocht dúinn an comhshaoil a chosaint agus a fheabhsú.

Cuspóirí:

- Comhshaoil maireachtála glan a chur ar fáil do shaoránaigh Shligigh
- Caomhnú na gceantar atá saibhir ó thaobh a ndúlra de
- Caighdeán an aeir agus an uisce i Sligeach a chaomhnú agus a fheabhsú
- Laghdú ar an méid dramhaíola atá ag dul chuig láithreáin líonta taún

Straitéisí:

- Forbairt inmharthanach a chur chun cinn
- Leanacht de beith ag cur na bpleananna seo a leanas i bhfeidhm:
 - Plean Bainistíocht Dramhaíola Chonnacht
 - Plean Bainistíocht Bruscair
 - Pleananna Bainistíocht Chaighdeán Uisce
- Reachtaíocht Chomhshaoil chúil a chur i bhfeidhm

“Is príomhghníomhaíocht taobh istigh de cheantar gach údarás áitiúil é an t-infrastruchtúr is gá a sholáthar agus a chothabháil.”



- An prionsabal ‘Íocann an Feallaire’ a chur i bhfeidhm
- Eolas agus oideachas don phobal ar cheisteanna timpeallachta
- Dea-chleachtas a chur chun cinn i gcleachtaisí uilig bainistíocht timpeallachta
- Tuiscint ar fhreagrachtaí roinnte a chur chun cinn maidir le cosaint agus leasú na timpeallachta

Measúnú:

- Leibhéal chaighdeán an tsoláthar uisce ag baint úsáide as caighdeáin AE agus Náisiúnta
- Líon aibhneacha agus locha de chaighdeán uisce sásúil
- Leibhéal dramhaíola ag dul chuig láithreáin líonta talún
- Leibhéal fuíollach á athchúrsáil
- Leibhéal bruscair

7

Príomhghníomhaíochtaí – Próiseas d’Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Ag forbairt Turasóireachta agus Fóillíochta

Ní mór do na húdaráis áitiúla oibriú le roinnt mhaith príomh-áiseineachtaí, an pobal agus an earnáil phríobháideach le háiseanna a sheachadadh agus a chothabháil, agus leis na seirbhísí sin agus a bhforbairt seirbhísí a chur chun cinn.

Cuspóirí:

- Sligeach a chur chun cinn mar ionad turasóireachta
- Cuidiú le forbairt na turasóireachta agus áiseanna fóillíochta i Sligeach
- Infheistíocht phríobháideach agus phobail a spreagadh i dtáirgí turasóireachta agus fóillíochta i Sligeach
- Spreagadh a fháil ó fhéiniúlacht chultúrtha Shligigh ar mhaithe le táirge turasóireachta íomhá agus áite a fhorbairt

Straitéisí:

- Oibriú le heagraíochtaí turasóireachta le forbairt Shligigh mar ionad turasóireachta a chur chun cinn
- Tacú le fiontair phobail le háiseanna turasóireachta agus fóillíochta a fhorbairt
- Cuidiú agus spreagadh a thabhairt don earnáil phríobháideach le forbairtí a chur ar aghaidh le freastal ar riachtanaisí infrastruchtúrtha turasóireachta
- Féiniúlacht Shligigh agus a chuid ábhar suime do thurasóirí a chur chun cinn trí rannpháirtíocht i bhfiontair thurasóireachta contae, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Páirtneireachtaí níos daingne a nascadh idir na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha le hinfrastuchtúr Turasóireachta agus Fóillíochta a chur ar fáil, a spreagadh agus a chur chun cinn
- Straitéis Imeartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag teacht leis an bPolasaí Imeartha Náisiúnta “Réidh, Socair, Imir”

Measúnú:

- Méadú ar chéadchodán na dturasóirí
- Líon agus caighdeán na n-áiseanna turasóireachta pobail
- Líon áiseanna nua curtha ar fáil ag an earnáil phríobháideach
- Líon áiseanna a fhaigheann tacaíocht ón údarás áitiúil



“Ní mór do na húdaráis áitiúla oibriú le roinnt mhaith príomh-áiseineachtaí, an pobal agus an earnáil phríobháideach le háiseanna a sheachadadh agus a chothabháil, agus leis na seirbhísí sin agus a bhforbairt seirbhísí a chur chun cinn.”

“Ciallaíonn cosaint an chultúir agus na hoidhreachta go gcaithfear caomhnú a dhéanamh ar acmhainní agus infheistíocht a dhéanamh maidir le rochtain agus cur chun cinn na n-acmhainní uathúla atá ar fáil don údarás áitiúil.”

8

Príomhghníomhaíochtaí – Próiseas d’Fhaireachán, Athbreithniú agus Measúnú

Ag forbairt an Chultúir agus na hOidhreachta

Ciallaíonn cosaint an chultúir agus na hoidhreachta go gcaithfear caomhnú a dhéanamh ar acmhainní agus infheistíocht a dhéanamh maidir le rochtain agus cur chun cinn na n-acmhainní uathúla atá ar fáil don údarás áitiúil.

Cuspóirí:

- Comhshaol nádúrtha agus tógtha Shligigh a chosaint, a fheabhsú a leasú agus a fhorbairt
- Uathúlacht chultúr Shligigh a chur chun cinn
- Oidhreacht Shligigh a chaomhnú do na glúnta atá le teacht
- Forbairt na nEalaíon a chur chun cinn i Sligeach
- An tseirbhís leabharlainne a chur chun cinn i Sligeach
- Forbairt chultúrtha i Sligeach a spreagadh agus tacú leis
- Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn trí chur chuige gníomhach sa bhforbairt chultúrtha

Straitéisí:

- Oibriú i gcomhar leis an RCO&RÁ le go gcaomhnófaí agus go gcosnófaí ár n-oidhrecht sheandálaíochta
- Seirbhísí agus áiseanna leabharlainne a fhorbairt leis an leabharlann a chur chun cinn mar acmhainn fhoghlama pobail
- Fís na n-údarás áitiúil de Dhorchla Cultúrtha ag Bóthar Connachtain i gCathair Shligigh a thabhairt i gcrích
- A chinntiú go gcoimeádtar caoi ar aon fhoirgintí oidhreachta atá i seilbh úinéireachta na n-údarás áitiúil ar mhaithe leis an bpobal
- Oibriú i bpáirtnéireacht le háisíneachtaí bainteacha le go n-aithneofaí, go ndéanfaí taifead agus cosaint ar ár n-oidhrecht ailtireachta agus seandálaíochta chun leas oideachais agus taitnimh na nglún atá le teacht
- Oibriú i bpáirtnéireacht le háisíneachtaí, pobail agus daoine aonair le haidhmeanna Phlean Oidhreachta an Chontae a chur i bhfeidhm
- Cuidiú agus tacú le deiseanna le timpeallacht bhisithe a chur ar fáil ina gcruithófaí ealaín, ina ngabhfaí i ngleic léi agus ina nglacfaí léi, tríd Pleananna Ealaíon Shligigh 2002-2005 agus 2006-2010.

Measúnú:

- Líon áiseanna nua ar tacaíodh leo
- Céadchodán de phlean forbartha na leabharlainne bainte amach
- Céadchodán de Phlean Ealaíon an Chontae bainte amach
- Céadchodán de Phlean Oidhreachta an Chontae bainte amach

Ag forbairt agus ag feidhmiú córais rialacháin chuí

Titeann sé de dhualgas ar Údaráis Áitiúla a chinntiú go bhforfheidhmítear reachtaíocht agus rialúcháin. Is feidhm thábhachtach í seo a mbíonn tionchar aige ar shaol laethúil mhórán daoine.

Cuspóirí:

- Rialacháin náisiúnta agus AE a chur i bhfeidhm
- Feasacht faoi reachtaíocht agus rialacháin AE taobh istigh de cheantar an údaráis áitiúil a chur chun cinn
- Polasaithe agus straitéisí náisiúnta a ghlacadh a fhreastlódh ar riachtanaisí uathúla Shligigh

Straitéisí:

- An dlí a bhaineann le feidhmiúcháin na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm
- Polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Oideachas agus eolas a thabhairt don phobal mar gheall ar chloí leis an dlí
- Oibriú leo siúd atá freagrach le géilliúlacht a bhaint amach

Measúnú

- Líon na ngníomhaíochtaí dlí a chur i bhfeidhm déanta
- Líon cúisithe
- Líon na bhfiontar le heolas agus oideachas a chur ar an bpobal



“Titeann sé de dhualgas ar Údaráis Áitiúla a chinntiú go bhforfheidhmítear reachtaíocht agus rialúcháin. Is feidhm thábhachtach í seo a mbíonn tionchar aige ar shaol laethúil mhórán daoine.”



Próiseas Bainistíochta

25

Forbairt Acmhainní Daonna

Pleanáil Lucht Saothair

Aithnítear go bhfuil gá le córas pleanála leanúnach agus lucht saothair eagraíochtúil i bhfad níos fearr mar gur cheart go mbeadh soiléiriú ag fostaithe maidir le haon bheartas atheagraithe/athstruchtúrtha don am i láthair agus don todhchaí. Tá sé seo ag teacht leis an socrú páirtnéireachta atá ann taobh istigh d'Údaráis Áitiúla Shligigh. Ba cheart go n-áireodh a leithéid sin de phleanáil an leibhéal fóirne a theastódh, moltaí do riachtanaisí i leith atheagrú agus athstruchtúrú agus traenáil & forbairt. Cinnteoidh a leithéid de phlean, má ghlactar leis, go mbeidh cóiríocht chuí ann don líon daoine agus líon scileanna i measc na bhfostaithe sa todhchaí i ngach réimse den Údarás Áitiúil.

Soghluasteacht Fóirne

Is gné an soghlusisteacht fóirne sna húdaráis áitiúla i Sligeach. Is mó buntáiste atá ag an bpolasaí seo; orthu seo tá go mbeadh deis ag an bhfoireann eolas agus tuiscint a fháil ar réimsí éagsúla. Is féidir le baill fóirne tairbhe a bhaint as go n-aistreofaí iad go réimsí feidhmiúcháin éagsúla ó thaobh fáis agus forbairt phearsanra. Nuair a aistrítear daoine nua go réimse ar bith, is minic go dtugann sé léargas agus dearcadh nua isteach agus is minic toradh maith ó thaobh seirbhíse air seo.

Tá sé mar pholasaí ag údaráis áitiúla Shligigh go leanfaí le cleachtas soghluaiseacht fóirne. Agus an polasaí seo á chur i bhfeidhm cuirfear na cosaintí seo i bhfeidhm:

- Go seachnófar an iomarca aistrithe i measc fóirne lena chinntiú go mbeadh leanúnachas ann,
- A chinntiú go gcoimeádfar leibhéal ard scileanna agus eolais sa réimse
- Go gcuirfear cóiríocht ar fáil do thraenáil agus d'fhorbairt fóirne

Earcaíocht agus Roghnú

Fógraítear gach post in údaráis áitiúla Shligigh go poiblí agus líontar iad tar éis an chomórtais. Is ag Seirbhís na gCeapacháin Poiblí atá an fhreagracht, áfach, i dtaca le roinnt postanna sinsearacha. Tá sé mar pholasaí ag údaráis áitiúla Shligigh machnamh cúramach a dhéanamh ar fholúntaisí a líonadh trína bheartú cén cuspóir agus toradh a bhaineann le gach post. Tagann sé seo le polasaí na Comhairle go bhfaighfí luach ar airgead agus go mbeifí i suíomh le freagairt don timpeallacht athraitheach inmheánach agus seachtarach.

“Nuair a aistrítear daoine nua go réimse ar bith, is minic go dtugann sé léargas agus dearcadh nua isteach agus is minic toradh maith ó thaobh seirbhíse air seo.”



Traenáil agus Forbairt

Glactar leis go forleathan gurb iad an traenáil agus an forbairt na riachtanaisí chun rathúlachta in aon eagraíocht.

Tá sé de rún ag an gComhairle cuidiú leis an bhfoireann uilig an t-eolas, na scileanna agus na meoin a fháil leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bhaint amach. Tá an Chomhairle freisin, dílis do chur chun cinn cultúr foghlama taobh istigh den eagraíocht le go mbainfeadh an fhoireann lán a gcumas amach.

Is í atá mar aidhm ag an gComhairle ná leibhéal infheistíochta i dtraenáil & forbairt fóirne de ar a laghad 3% de chostaisí párolla a bhaint amach. Aithnítear riachtanaisí traenála i bpáirtnéireacht leis an bhfoireann sa dá údarás. Chomh maith le traenáil a dhéanann an dá eagraíocht nó a dhéantar ar a son, tá Scéim Oideachais Fóirne ann a chuidíonn le baill fóirne atá ag dul i mbun cúrsaí oideachais nó traenála.

Bainistíocht Fheidhmiúcháin

Tá forbairt á dhéanamh faoi láthair ar chóras forbartha agus bainistíochta feidhmiúcháin (CFBF) ar bhonn náisiúnta agus nochtfar é seo i 2005. Cuideoidh a leithéid seo de chóras le bainisteoirí líne agus baill fóirne le heolas a bhainistiú agus díriú ar riachtanaisí forbartha.

Modhanna Imeachta agus Polasaithe Acmhainní Daonna

Tá na modhanna imeachta agus polasaithe acmhainní daonna seo i bhfeidhm ag na húdaráis:


Saoire Bhliantúil	Polasáí in aghaidh Tobac
Saoire Sholúbtha	Modhanna imeachta Gearáin agus Smachta
Scéim Roinnt-Oibre	Saoire Uchtaithe
Polasáí Gutháin Phóca	Saoire Athaireachta
Scéim Pá Tinnis	Saoire Feighlí
Saoire Thuismitheoireachta	Saoire Force Majeure
Polasáí dígnit san obair	Freastal ar Chúrsaí/Comhdhálacha/Seimineáir
Saoire Am Téarma	Polasáí Traenála
Saoire Staidéir	Scéim Oiliúint Fóirne



“Tá sé de rún ag an gComhairle cuidiú leis an bhfoireann uilig an t-eolas, na scileanna agus na meoin a fháil leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bhaint amach.”

“Nuálacht thábhacht í an fhorbairt atá déanta ar struchtúir pháirtnéireachta agus baineann an cumas leis neartú ar an ngaol idir an bhainistíocht agus na fostaithe agus feabhas a chur ar iompar eagraíochtúil.”

28



Páirtnéireacht

Nuálacht thábhacht í an fhorbairt atá déanta ar struchtúir pháirtnéireachta agus baineann an cumas leis neartú ar an ngaol idir an bhainistíocht agus na fostaithe agus feabhas a chur ar iompar eagraíochtúil. Tá an pháirtnéireacht láithreán oibre tar éis páirt a ghlacadh arís sa phróiseas polasaí corparáideach agus tacóidh sé seo leis an bhfeabhas ar sheachadadh seirbhísí sna blianta atá romhainn.

Próiseas Faireacháin, Athbhreithnithe agus Measúnaithe

Ullmhaíodh an plean Corparáideach seo mar phróiseas straitéiseach eagrúcháin. Rianaíonn an plean ár gcuspóirí agus ár gcuid straitéisí go dtí 2009. Ullmhaíodh é i spiorad rannpháirtíochta, páirtnéireachta agus freagracht roinnte idir ionadaithe tofa Chomhairle Chontae Shligigh, Comhairle Bhuirg Shligigh, an bhainistíocht agus an fhoireann ag gach leibhéal. Tugann na príomhghníomhaíochtaí, na cuspóirí agus na straitéisí mar atá leagtha amach, aitheantas don timpeallacht ina bhfeidhmíonn muid agus donár ról ag cur ár bhfreagrachtaí i gcrích.



Tugtar aitheantas freisin, don ghá atá ann le solúbthacht agus smaoineamh ar an timpeallacht dhúshlánach athraitheach atá ar bun faoi láthair sa rialtas áitiúil. Déanfar uirlis den Phlean Corparáideach a úsáidfead go forleathan ar fud na heagraíochta. Tacóidh Pleananna Feidhmiúcháin Bliantúla leis a ullmhóidh gach rannóg agus a mbeidh an fhoireann uilig páirteach ann.

Cuirfear próiseas faireacháin, athbhreithnithe agus measúnaithe ar bun agus cuirfidh sé treoir ar fáil maidir lena mbeidh bainte amach againn i dtaca lenár gcuspóirí agus ár straitéisí a thabhairt i gcrích. Chuige seo caithfear tuairisciú rialta a dhéanamh do na baill agus don phobal.

Ar na huirlisí chuige seo beidh:

- Athbhreithniú ar Phleananna Feidhmiúcháin
- Tuarascálacha Bliantúla ar dhul chun cinn an Phlean Corparáideach
- Tuarascáil Bhliantúil
- Comharthaí Seirbhíse Údarás Áitiúil



Aguisín

29

Aguisín 1

Struchtúir Bhainistíochta

Foireann Bhainistíochta

Hubert Kearns
Bainisteoir Contae

Tim Caffrey
*Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta, Cultúrtha,
Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála*

Dorothy Clarke
Stiúrthóir Seirbhísí, Pobal agus Fiontar

Seamus Concannon
Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Infrastruchtúrtha

Pat Forkan
Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil

Tom Kilfeather
Ceannasaí Airgeadais

John Mc Nabola
Cléireach an Bhaile, Comhairle Bhuirg Shligigh

Members of Sligo County Council

An Clr. Margaret Gormley,
Cathaoirleach

An Clr. Martin Baker

An Clr. Mary Barrett

An Clr. Patrick Barry

An Clr. Declan Bree

An Clr. Veronica Cawley

An Clr. Aidan Colleary

An Clr. Paul Conmy

An Clr. Jude Devins

An Clr. Michael Fleming

An Clr. Ita Fox

An Clr. Deirdre Healy McGowan

An Clr. Imelda Henry

An Clr. Albert Higgins

An Clr. Seamus Kilgannon

An Clr. Joe Leonard

An Clr. Jerry Lundy

An Clr. Sean Mac Manus

An Clr. Jim McGarry

An Clr. Pat McGrath

An Clr. Tony McLoughlin

An Clr. Gerard Mullaney

An Clr. Gerry Murray

An Clr. Joseph Queenan

An Clr. John Sherlock



Baill de Chomhairle Bhuirg Shligigh

An Clr. Declan Bree,
Méara Shligigh

An Clr. David Cawley

An Clr. Veronica Cawley

An Clr. Cllr. Jude Devins

An Clr. Arthur Gibbons

An Clr. Jimmy McGarry

An Clr. Jonathan McGoldrick

An Clr. Tony McLoughlin

An Clr. Chris MacManus

An Clr. Sean MacManus

An Clr. Tom MacSharry

An Clr. Cllr. Rosaleen O'Grady



Struchtúir na gCoistí

Grúpa Polasaí Corparáideach


Tá an Grúpa Polasaí Corparáideach (GPC) déanta suas de Chathaoirleach Chomhairle Chontae Shligigh agus ceathrar cathaoirleach na gCoistí Polasaí Straitéiseacha agus tacaíonn Bainisteoir an Chontae leis. Is é an ról atá ag an GPC ná comhairle a thabhairt agus cuidiú leis an gComhairle thofa i gceapadh, forbairt, faireachán agus athbhreithniú ar pholasaí don Chomhairle agus chuige sin socraithe a mholadh le go bpléifeadh an Chomhairle thofa ceisteanna polasaí agus go n-eagródh siad gnóthaí bainteacha.

Coistí Polasaí Straitéiseacha

Leagtar amach an bunús reachtúil do na Coistí Polasaí Straitéiseacha (CPS) san Acht um Rialtas Áitiúil 2001. Mar chuid den chlár leanúnach de leasú rialtais áitiúil, agus ag cloí leis an bpolasaí de bheith ag mealladh daoine le bheith páirteach sa rialtas áitiúil trí rannpháirtíocht an phobail agus páirithe ar leithligh, tá CPS bunaithe ag údaráis áitiúla Shligigh. Tugann na coistí seo an deis do ghrúpaí bainteacha seachtracha bheith páirteach i bhforbairt polasaithe a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí Shligigh.

Tá coistí tar éis a bheith ag feidhmiú ó 1999 agus rinneadh athbhreithniú orthu tar éis an toghcháin i Meitheamh 2004. Is é an ról atá ag na CPS ná moltaí polasaí a chumadh, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm polasaí atá le beartú agus le dearbhú go cinnte agus go críochnúil ag an gcomhairle iomlán.

I gCPS údaráis áitiúla Shligigh tá ionadaithe tofa Chomhairle Chontae Shligigh agus beirt ionadaí tofa ó Chomhairle Bhuirg Shligigh agus beidh ballraíocht de ar a laghad naonúr eile a ainmneofar mar ionadaithe ó earnálacha atá bainteach leis an obair atá ag an CPS áirithe sin. Tá íosmhéid d'aon trian dá bhallraíocht iomlán ag gach CPS roghnaithe ó na hearnálacha áirithe bainteacha. Tá méadú ionadaíochta earnálach de bheirt bhall ag baint le struchtúr na gCPS do 2004-2009.



Is iad seo a leanas na CPS atá i Sligeach agus na dualgaisí a bhaineann leo:-

Forbairt Eacnamaíochta agus Polasáí

Forbairt tionsclaíochta, turasóireachta agus eacnamaíochta go ginearálta, réamhphleanáil agus smacht pleanála, forbairt thuithe agus uirbeach.

Polasáí Comhshaoil

Bainistiú dramhaíola, truailliú aeir agus uisce, seirbhísí tine agus éigeandála eile, reiligí, sábháilteacht bhóthair, sábháilteacht uisce, Cosaint Shibhialta agus cosaint an tomhaltóra.

Polasáí Iompair agus Infrastruchtúrtha

Forbairt agus cothabháil bóithre, céibheanna agus cuanta, seirbhísí cósta agus infrastruchtúrtha eile.

Polasáí Tithíochta/Forbairt Shóisialta agus Chultúrtha

Gach gné de thithíocht phríobháideach agus phoiblí, cúram an phobail imeallaithe agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste go sóisialta, forbairt phobail, forbairt áiseanna agus fóillíochta, seirbhís leabharlainne agus iarsmalainne agus forbairt na n-ealaíon.

Struchtúir Coistí Eile

Tá cúig choiste ceantair ar bun ag Comhairle Chontae Shligigh, ceann do gach toghcheantar áitiúil. Reachtáiltear díospóireachtaí a bhaineann le cúrsaí in aon cheantar ar leith ins an cheantar féin. Mar sin, pléann coistí ceantair le cúrsaí a bhaineann le seachadadh feidhmitheach na seirbhísí agus baineann fiúntas áirithe leo sa mhéid is gur féidir leo plé le mionchúrsaí áitiúla ionas nach gcaithfidh an Chomhairle iomlán plé leo.


Ainmníonn an Chomhairle ionadaithe go roinnt eagraíochtaí seachtracha ar nós Údarás Réigiúnach na Teorann, An Chomhdháil Réigiúnda, na Coistí Gairmoideachais, Comhairle Ghinearálta na gComhairlí Contae, Gréasán Cheantar Lárnach Teora na hÉireann agus go leor eile.

Anuas air seo, tá sé de chumhacht ag an Chomhairle Coistí éagsúla dá cuid ball féin a cheapadh ar nós:

- Coiste na nOrduithe Seasta agus
- Coiste Comhairleach do Chóiríocht an Lucht Siúil

Coiste Páirtnéireachta

AINM	IONADAÍ Ó
Frankie Brannigan	IMPACT
Tommy Dunleavy	UCAAT
Pat Doyle	SIPTU-LAPO
Gordon Lyttle	AMICUS
Tom McGowan	SIPTU
Seán McHugh	IMPACT
Marie Leydon	Údaráis Áitiúla Shligigh
John O'Dwyer	Comh. Chontae Shligigh
Seamus O'Toole	Comh. Chontae Shligigh



Sligo Borough Council Working Group Members

AINM	IONADAÍ Ó
Michael Carty	<i>LAPO</i>
Daniel Lehane	<i>IMPACT</i>
Gabriel Flannery	<i>SIPTU</i>
Gerry Cannon	<i>Comh. Bhuirg Shligigh</i>
John Moran	<i>Comh. Bhuirg Shligigh</i>

Sligo Local Authorities Equality Action Team

NAME	REPRESENT
Jim O'Sullivan	<i>SIPTU</i>
Tommy Dunleavy	<i>UCATT</i>
Gabriel Flannery	<i>SIPTU</i>
Caroline McManus	<i>Comh. Bhuirg Shligigh</i>
Aisling Smyth	<i>Comh. Bhuirg Shligigh</i>
Katrina McDaniel	<i>LAPO</i>
Thomas Gallagher	<i>IMPACT</i>
Declan Breen	<i>Comh. Chontae Shligigh</i>
Caroline Feeney	<i>Comh. Chontae Shligigh</i>
Mairead McLaughlin	<i>Údaráis Áitiúla Shligigh</i>



Aguisín 2

Seirbhís Chustaiméara d'Ard-Chaighdeán: na Prionsabail

Caighdeáin na Seirbhíse

Ráiteas a fhoilsiú a rianaíonn an cineál agus an caighdeán seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo, agus é a chur ar taispeáint go soiléir.

Comhionannas/Éagsúlacht

Na cearta do chothrom na féinne atá bunaithe sa reachtaíocht chomhionannais a chinntiú, dul in oiriúint d'éagsúlacht le cur le cothrom na féinne do na grúpaí a mbaineann an reachtaíocht chomhionannais leo (ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil).

Bacanna ar sheirbhísí a aithint do dhaoine a fhulaingíonn bochtaineacht agus eisiacht shóisialta, agus dóibh sin a bhfuil bacanna ó sheirbhísí orthu de dheasca cúinsí tíreolaíochta, agus oibriú leis na bacanna sin a dhíbirt.

Rochtain Fhisiciúil:

Oifigí glana, inrochtain a chur ar fáil, a chintíonn príobháideacht, a chloíonn le caighdeáin oibre agus sábháilteachta agus mar chuid de seo, cuidiú le rochtain do dhaoine a mbaineann míchumais leo agus leo siúd a bhfuil riachtanaisí speisialta acu.

Eolas:

Eolas atá soiléir, tráthúil agus cruinn a chur ar fáil ag gach pointe teagmhála. A chinntiú go mbaintear lán-úsáid as an bpóitéinseal a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais. Leanacht leis an iarracht ar rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

Tráthúlacht agus Cuirtéis:

Seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil go cúirtéiseach, go leochaileach agus leis an moill is lú, ag cothú caidrimh a léiríonn meas ar a chéile idir an soláithreoir agus an custaiméir. Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach teagmháil le caidreamh leanúnach éasca a chinntiú.

Gearáin:

Córas a chaomhnú a bheadh foilsithe go maith, agus a bheadh inrochtain, trédhearcach agus éasca le húsáid, le plé le haon ghearáin a bheadh ag an bpobal i leith na seirbhíse a fhaigheann siad. Freisin, córas a chaomhnú a bheadh foilsithe go maith, agus a bheadh inrochtain, trédhearcach agus éasca le húsáid, le plé le haon achomharc/athbhreithniú dóibhsean atá míhásta le cinní a bhaineann le seirbhísí.

Comhchomhairle & Measúnú:

Cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil do chomhchomhairleacht le agus rannpháirtíocht ag an gcustaiméir i leith fhorbairt, seachadadh agus athbhreithniú seirbhísí. Measúnú fiúntach ar sheachadadh seirbhísí.

Rogha:

Réimse roghanna, nuair is féidir, a chur ar fáil inár gcuid seirbhísí. Teicneolaíochtaí reatha agus nua a úsáid leis an rochtain agus an rogha is leithne a sholáthar maraon le caighdeán ard seirbhísí.

Cothromaíocht na dTeangacha Oifigiúla:

Seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus a chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil sé de cheart acu a rogha teanga a úsáid.

Comhordú Feabhsaithe:

Cur chuige a bheadh níos comhordaithe agus níos iomlánaithe a chur i bhfeidhm agus seirbhísí á seachadadh don phobal trí pháirtnéireacht agus forbairt gréasán soláithreoirí seirbhísí poiblí.

Custaiméir Inmheánach

Dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus a rannpháirtíocht a chinntiú i gceisteanna seachadtha fóirne.



Aguisín 3

Plean Gníomhaíochta Custaiméara

Freastlaíonn údaráis áitiúla Shligigh ar chustaiméirí éagsúla, ina measc sin feidhmeanna fóirne agus gnó taobh istigh den eagraíocht, soláithreoirí seirbhísí eile, an pobal ginearálta, gnóthaí agus réimse eile eagraíochtaí. Is féidir na custaiméirí a roinnt i dhá phríomhghrúpa – **sprioc-chustaiméirí**, iad sin a bhfuil sé i gceist go mbainfeadh siad leas ar deireadh as an seirbhís a chuirtear ar fáil. Is é atá mar chuspóir ag údaráis áitiúla Shligigh ná rud éigin a chur ar fáil do ghrúpa na sprioc-chustaiméirí agus dul i bhfeidhm go dearfach orthu. Is é an dara grúpa ná **an custaiméir indíreach**, (ní go ndírítear orthu ach go mbaineann leo), bíonn éifeacht, nó d'fhéadfadh go mbeadh, ag na seirbhísí do na sprioc-chustaiméirí ar an ngrúpa seo, cé nach d'aon ghnó é. Ní áiríonn an plean seo go sainiúil, seirbhísí do na grúpaí seo, ach cinntíonn cur chuige na heagraíochta i leith cur i gcrích na gcuspóirí sa phlean seo go ndéantar cúram dá leas. Is cur chuige cuimsitheach é agus glacann sé san áireamh tionchar ár ngníomhaíochtaí ar an timpeallacht agus an oidhreacht a fhágfaimid do na glúnta atá le teacht. Aithníonn an plean daoine eile leasmhara freisin, orthu sin tá an rialtas náisiúnta agus réigiúnach, áisíneachtaí agus eagraíochtaí a fheidhmíonn i Sligeach agus údaráis áitiúla sa chomharsanacht.

Sa chur chuige seo cuirfidh muid feabhas ar:-

- Ag seachadadh seirbhíse dúinn, cinnteoidh muid:-
- Go socróidh muid caighdeáin sheirbhíse
- Go mbeidh muid oscailte agus macánta le heolas
- Go rachaidh muid i gcomhairle agus i bpáirt
- Go spreagfaidh muid rochtain agus rogha
- Go bpléifidh muid go cothrom le cách
- Go n-údáidfidh muid ár n-acmhainní go héifeachtach
- Go mbeidh muid nuálach agus ag feabhsú
- Go n-oibreoidh muid le soláithreoirí eile

Tabharfaidh ár ngealltanais i leith seirbhís d'ardchaighdeán don chustaiméir aghaidh ar phríomhghnéithe taobh istigh donár gcur chuige ag seachadadh seirbhísí.

In this approach we will deliver improvements in:-

Gnéithe Inbhráite	na háiseanna agus an trealamh fisiciúil atá ar fáil, cé chomh furasta is atá sé eolas a thugtar a thuigbheáil agus foirmeacha iarratais a chomhlíonadh.
Muiníneacht	An tseirbhís atá geallta a chur ar fáil go muiníneach agus go cruinn
Freagairt	Cuidiú le custaiméirí agus seirbhís phras a chur ar fáil
Cinnteacht	Muinín agus trust a spreagadh
Bá	Seirbhís chúramach, bháúil agus phearsanta a chur ar fáil do chustaiméirí

Tugann muid na gealltanais seo freisin:-

Agus muid ag plé le custaiméirí ar an nguthán:

- Freagróidh muid go tapa agus go béasach
- Beidh muid cuiditheach agus tabharfaidh muid an t-eolas a theastaíonn
- Glacfaidh muid sonraí agus glaofar ar ais ort nó scríobhfar chugat murar féidir linn plé le d' cheist láithreach.



- Más gá dúinn gaoch ar ais ort abróidh muid leat cathain is féidir leat a bheith ag súil le gaoch agus a chinntiú go n-oireann sin duit.

Agus muid ag plé le custaiméirí go pearsanta:

- Beidh muid béasach agus cothrom inár bplé leo
- Pléifidh muid le fiosraithe chomh luath agus is féidir
- Léireoidh muid meas ar do phríobháideachas agus cuirfear seomraí agallaimh príobháideacha ar fáil do gach oifig phoiblí mar is gá
- Cinnteoidh muid go mbeidh scuainí chomh beag agus is féidir
- Coinneoidh muid ár n-oifigí glan, sábháilte agus inrochtain, go háirithe dóibh siúd a bhfuil míchumais orthu

Nuair a fhaigheann muid comhfhreagras i scríbhinn

- Freagróidh muid litreacha chomh luath agus is féidir agus eiseoidh muid admháil faighte mura bhfuil sé i gceist againn freagra a thabhairt ar do litir taobh istigh de 10 lá
- Scríobhfaidh muid chomh soiléir agus is féidir
- Ní úsáidfear téarmaí teicniúla ach amháin nuair is gá sin
- Ainm teagmhála, uimhir theileafóin agus uimhir thagartha a chur ar gach comhfhreagras a sheolann muid amach

Foirmeacha agus bileoga

- Beidh saor-theacht orthu
- Úsáidfear friotal glan simplí
- Míneofar cad a theastaíonn

Eolas agus oscailteacht

- Cuirfidh muid eolas ar fáil atá soiléir, tráthúil, cruinn agus inrochtain
- Cuirfidh muid eolas ar fáil ar scéimeanna agus seirbhísí i dteanga ghlan shoiléir
- Cuirfidh muid fáthanna ar fáil do chinní polasaí

An Ghaeilge

Tá rún daingean ag údaráis áitiúla Shligigh feabhas a chur ar an leibhéal seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Déanfaidh muid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh teacht ag gach rannóg ar bhall fóirne a bheidh ábalta plé leis an phobal trí Ghaeilge le go mbeadh seirbhísí, chomh fada agus is féidir, ar fáil go dátheangach.

